

COMHAD FÍRICÍ: EALAÍONA ÍOMHÁ GLUAISTE GCSE



Beochan

Torthaí Foghlama

Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:

- Na stíleanna beochana a leanas a shainithint agus a phlé:
 - rótascópáil;
 - beochan íomhá ar íomhá;
 - picteiliú;
 - beochan 3T CGI (Íomhanna Ríomhghinte); agus
 - beochan 2T.

Inneachar an Chúrsa

Is iomaí cineál beochana ann ach is ionann an bunphrionsabal i ngach cás. Déantar sraith frámaí ceann i ndiaidh an chinn eile, agus nuair a chuirtear le chéile iad bíonn an chuma air go bhfuil gluaiseacht leanúnach ann. Is féidir le déantóirí scannán atá ag obair i mbeo-aicsean, gníomhaíochtaí a cheapadh gan mórán dua; uaireanta ní bhíonn i gceist le déanamh scannán beo-aicsin ach aicsean a fhrámú agus é a scannánú. Caithfidh beochantóirí, áfach, a oiread frámaí aonair a chruthú le go mbeidh an chuma air go bhfuil gluaiseacht agus aicsean leanúnach ann. I gcás príomhscannán ciallaíonn sin de ghnáth go gcruthaítear 24 fráma aonair do gach soicind d'aicsean. I roinnt de na beochana is saoire b'fhéidir nach mbeadh níos mó ná 12 fhráma an tsoicind in úsáid. Sa dá chás tá dlúthshaothar ag baint leis an phróiseas.

Tá cúig bhunstíl beochana ann:

Beochan íomhá ar íomhá: Leis seo déanann an beochantóir ionramháil ar shamhaltáin shaintógtha carachtar a chuirtear ar sheiteanna. Nuair a bhogann an beochantóir na shamhaltáin beagán sula nglacann sé gach fráma, bíonn an chuma

orthu go bhfuil siad ag bogadh. Ós rud é gur réada ón fhiorshaol iad na shamhaltáin tá uige agus mothú leo a bhfreagraíonn an lucht féachana go maith dóibh. Mar sin féin, caithfidh an beochantóir a thabhairt dá aire go soilseann sé na shamhaltáin agus na radhairc i gceart agus caithfidh sé a chinntiú go bhfuil an ceamara fócasaithe mar is ceart.

Is samplaí de bheochan íomhá ar íomhá iad na beochaintí de chuid *Aardman Animations*: scannáin *Wallace & Gromit*, *Coraline* (2009) agus *The Nightmare Before Christmas* (1993). Úsáideadh an teicníc seo fosta le seatanna ina bhfuil maisíochtaí speisialta a chruthú i scannáin bheoghníomhaíochta. Ceapadh an t-ápa ollmhór in *King Kong* (1933) trí úsáid a bhaint as beochan íomhá ar íomhá agus feictear a leithéid d'úsáid á baint as an teicníc i scannáin de gach cineál ó *Star Wars* (1977), go *The Empire Strikes Back* (1980), *The Terminator* (1984) agus *The Life Aquatic* (2004). Is dócha gurb é Ray Harryhausen, beochantóir maisíochtaí speisialta, an nuálaí beochan íomhá ar íomhá is mó a bhfuil clú air. Ina bheochan íomhá ar íomhá le maisíochtaí speisialta i scannáin mar *Jason and the Argonauts* (1963) agus *Clash of the Titans* (1981) déantar an lucht féachana a dhalladh agus a chur faoi dhraíocht go fóill.

Picteiliú: Is próiseas beochana seo atá cosúil le beochan íomhá ar íomhá ach in áit puipéad agus samháltán a úsáid, úsáideann an beochantóir daoine mar thaibheoirí, ag iarraidh orthu bogadh idir frámaí. Ós rud é go dtig leis an chineál seo beochana an duine daonna agus réada ón fhiorshaol a chur i láthair mar a bheadh siad ag bogadh ar bhealaí a bheadh le firinne mínádúrtha, teicníc atá ann le míshuaímhneas a chruthú. Tá clú

ar Jan Švankmajer, beochantóir as an tSeic, as an úsáid a bhaineann sé as an teicníc seo agus d'éirigh leis éifeacht scáfar, osréalach a bhaint amach i scannáin mar *Alice* (1988). Feictear an teicníc fosta sa phopfhíseán d'amhrán Peter Gabriel, *Sledgehammer*.

Beochan 2T: Leis seo déantar beochan a tharraingt fráma ar fhráma. Ina fhoirm is bunúsaí is féidir na léaráidí a dhéanamh go díreach le peann luaidhe ach de ghnáth sa teicníc seo déantar gach fráma a dhathú nó a phéinteáil.

Ba ghnách beochan 2T a cheapadh trí gach fráma a tarraingíodh de lámh a rianú ar thréshoilseáin thrédhearcacha darb ainm ceallanna, na carachtair agus an t-aicsean a dhathú ar an tréshoilseán, agus ansin grianghraf a ghlacadh de gach fráma (tugtar 'beochan ceallanna' air fosta).

Sa lá atá inniu ann déantar beochan 2T le huirlisí digiteacha de ghnáth. Déantar na frámaí a tharraingt ar thaibléad grafaice agus a dhathú trí úsáid a bhaint as pacáistí léiriúcháin tráchtála mar *Photoshop*.

Is féidir na frámaí a chur i gceann a chéile ansin i sraith bheochana le linn eagarthóireachta. Áirítear sa bheochan 2T thraidisiúnta, tá scannáin chlasaiceacha *Disney* mar *Bambi* (1942) agus gearrscannáin *Looney Tunes* ó *Warner Brothers* a mhair blianta fada. Sa lá atá inniu ann i mbeochan 2T tá *The Iron Giant* (1999) agus an tsraith teilifíse *The Simpsons*.

Rótascópáil: Leis seo úsáideann beochantóirí píosa scannánaíochta beo-aicsin mar thúsphointe agus ansin rianaíonn agus/nó péinteálann siad thairis fráma ar fhráma le héifeacht bheoga hipir-fhíor a chruthú. Sa ré réamhdhigiteach ghlacfaidh seo tamall an-fhada ach de thairbhe teicneolaíocht dhigiteach tá sé beagán níos fusa a chruthú anois. In amanna úsáidtear rôtascóipeáil i sraitheoga teideal i scannáin; baineann *A Fistful of Dollars* (1964) agus *Juno* (2007) úsáid shuntasach as an teicníc seo. Baineann an scannán ficsean eolaíochta *A Scanner Darkley* (2006) cuid mhór úsáid as an teicníc agus mar gheall ar an mheascán de thréithe réalaiócha agus neamhréalaiócha atá ann, tá atmaisféar tromluí agus siabhráin sa scannán.

Ríomhbheochan 3T: Sa ríomhbheochan ríomhghintear na híomhánna a úsáidtear le fráma amháin beochana a chruthú. Cé go bhfuil roinnt teicnící ríomhbheochana ar cinn 2T go hiomlán iad, amhail *Flash Animation*, is 3T atá búnús na ríomhbheochana. Sa ríomhbheochan 3T tá samháltáin na gcarachtar, na soilse, na seiteanna agus an ceamara uilig fíorúil agus ní ann dóibh taobh amuigh den ríomhaire. Nuair atá a seiteanna agus a gcarachtair cruthaithe ag beochantóirí le huirlisí samhaltaithe 3T, is féidir leo iad a bheochan. Is féidir samháltáin na gcarachtar, na réada agus an ceamara féin a bhogadh agus a chur in áit eile. Is samplaí de bheochan 3T *Toy Story* (1995), *Despicable Me* (2010) agus úsáidtear beochan ríomhghinte go forleathan i maisíochtaí físe an lae inniu. I scannáin mar *Jurassic Park* (1993) agus *The Hobbit: The Desolation of Smaug* (2013) úsáidtear teicnící ríomhbheochana le domhain agus ainmhithe fantaiséacha a chruthú.

